GCSE

TREOIR DO MHÚINTEOIRÍ
GCSE CCEA

Eolaíocht Teastais Dhúbailte Lámhleabhar Praiticiúil

Aonad 7: Scileanna Praiticiúla

C2: Na hiain i gcomhdhúil ianach a shainaithint ag úsáid tástálacha lasrach

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017

Na hiain i gcomhdhúil ianach a shainaithint ag úsáid tástálacha lasrach

Sa turgnamh seo déanfaidh tú roinnt tástálacha leis na caitiain agus na hainiain i gcomhdhúile ianacha a shainaithint.

Ag Tástáil le haghaidh Caitian

Tá 2 chineál tástálacha ann is féidir a úsáid:-

Tástálacha Lasrach

Fearas de dhíth:

Comhdhúile ianacha leis na nithe seo a leanas a thástáil:-

Clóiríd sóidiam, clóiríd chailciam, clóiríd litiam, clóiríd photaisiam, sulfáit chopair (II) (1g salainn in aghaidh an ghrúpa)

Aigéad hidreaclórach tiubhaithe (méideanna beaga á rialú agus á ndáileadh ag an mhúinteoir nó is féidir aigéad hidreaclórach 2 mol/dm^3 a úsáid ina áit sin)

Dóire Bunsen, mata teasdíonach

Sreang niocróim (i gcoinneálaí)

Sábháilteacht

Cloígh leis an chomhairle sábháilteachta a thugann an múinteoir.

Modh:

1. Tóg píosa de shreang niocróim le lúb ag ceann amháin.

2. Tum an lúb san aigéad hidreaclórach tiubhaithe agus cuir sa lasair ghorm the ón dóire Bunsen í.

3. Déan arís agus arís é go dtí nach bhfuil aon dath ar an lasair, sin le rá, tá na heisíontais ar fad glanta ar shiúl.

4. Tum an tsreang niocróim ghlan in aigéad hidreaclórach agus an tsreang ar an chomhdhúil ianach sholadach atá ina suí i gclog-ghloine.

5. Coinnigh an lúb leis an chomhdhúil ianach sholadach san chuid is teo den lasair agus taifead an dath saintréitheach.

6. Déan arís é do na comhdhúile ianach soladacha ar fad atá ar fáil, agus glan an lúb shreinge gach uair.

Tábla na dTorthaí

Ian Miotail	Dath breathnaithe	Dath iarbhír
Sóidiam		Buí/flannbhuí
Cailciam		Donnrua
Potaisiam		Liathchorcra
Copar		Glasghorm/Gormghlas
Litiam		Cródhearg